C/2023/1624

22.12.2023

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

## an 19 Nollaig 2023

## lena gceaptar comhalta agus comhalta malartach de Bhord Bainistíochta an Lárionaid Eorpaigh um Fhorbairt na Gairmoiliúna (Cedefop) do Lucsamburg

(C/2023/1624)

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/128 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Eanáir 2019 lena mbunaítear an Lárionad Eorpach um Fhorbairt na Gairmoiliúna (Cedefop), agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 337/75 ([1]) ón gComhairle, agus go háirithe Airteagal 4 de,

Ag féachaint do liostaí na n-iarrthóirí le haghaidh ceapacháin a chuir rialtais na mBallstát agus eagraíochtaí na bhfostaithe agus eagraíochtaí na bhfostóirí faoi bhráid na Comhairle,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Leis an gCinneadh uaithi an 28 Márta 2023 ([2]), cheap an Chomhairle comhaltaí agus comhaltaí malartacha de Bhord Bainistíochta Cedefop don tréimhse ón 1 Aibreán 2023 go dtí an 31 Márta 2027.

(2) Tá dhá ainmniúchán tíolactha ag Rialtas Lucsamburg le haghaidh dhá phost atá le líonadh,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Ceapfar na daoine seo a leanas mar chomhalta agus mar chomhalta malartach de Bhord Bainistíochta Cedefop don tréimhse ón 1 Aibreán 2023 go dtí an 31 Márta 2027:

IONADAITHE RIALTAIS

| Ballstát | Comhaltaí | Comhaltaí malartacha |
|---|---|---|
| Lucsamburg | Steve HOFFMANN | Tom MULLER |

*Airteagal 2*

Ceapfaidh an Chomhairle na comhaltaí agus na comhaltaí malartacha nár ainmníodh fós tráth níos déanaí.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

([1]) IO L 30, 31.1.2019, lch. 90.
([2]) Cinneadh ón gComhairle an 28 Márta 2023 lena gceaptar comhaltaí agus comhaltaí malartacha de Bhord Bainistíochta an Lárionaid Eorpaigh um Fhorbairt na Gairmoiliúna (Cedefop) (IO C 116, 31.3.2023, lch. 15).

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 19 Nollaig 2023.

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*
T. RIBERA RODRÍGUEZ